IRISH-LANGUAGE LITERATURE FESTIVAL

# IMRAM

## FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE

16–21 DEIREADH FÓMHAIR / OCTOBER 2017



## TÍR TAIRNGIRE

### TIONSCADAL SPRINGSTEEN

THE PROMISED LAND: THE SPRINGSTEEN PROJECT

# CLÁR IMRAM Deireadh Fómhair 2017

Déardaoin 5 – Satharn 7 | 8.00pm | Scoil Bhríde, Raghnallach
**LUÍSE: A DRAMA BY CELIA DE FRÉINE**

Dé Céadaoin 11 | 8.00pm | Pavilion Theatre
**TÍR TAIRNGIRE: TIONSCADAL BRUCE SPRINGSTEEN**

Dé Luain 16 | 6.00pm | DIT, Grangegorman
**CLÓ DRAÍOCHTA 7: TAISPEÁNTAS CLÓGHRAFAÍOCHTA**

Dé Luain 16 | 8.00pm | Powerscourt Theatre
**LEABHARLANN NA bhFUAIMEANNA CAILLTE NÓ IAD AG DUL I LÉIG**

Dé Máirt 17 | 8.00pm | Éigse Éireann
**CEO DRAÍOCHTA: TIONSCADAL LIAM S GÓGAN**

Dé Céadaoin 18 | 8pm | Powerscourt Theatre
**SCÁTHANNA Ó PHRÁG: TIONSCADAL FRANZ KAFKA**

Déardaoin 19 | 7.00pm | UCD Belfield
**LÉACHT UÍ CHADHAIN LEIS AN OLLAMH MÁIRÍN NIC EOIN**

Dé hAoine 20 | 6.00pm | Éigse Éireann
**OILITHREACH PINN: A LITERARY PILGRIMAGE**

Dé hAoine 20 | 8.00pm | Éigse Éireann
**MIS: BIDDY JENKINSON**

Dé Sathairn 21 | Áras Na Scríbhneoirí
**CEARDLANN NÁISIÚNTA: AN GEARRSCÉAL, AN tÚRSCÉAL AGUS AN SPLANCSCÉAL**

Dé Sathairn 21 | 8.00pm | McGrattan's
**OÍCHE ÓMÓIS DO ÉILÍS NÍ DHUIBHNE**

---

## IMEACHTAÍ DO PHÁISTÍ TRÍ GHAEILGE

Every second Saturday of the month from 2.30–4.00pm
in the Children's Library, Lexicon Library, Dún Laoghaire

Dé Sathairn 14 Deireadh Fómhair | 2.30–4.00pm | Lexicon Library, Dún Laoghaire
**CEARDLANN SCÉALAÍOCHTA AGUS CEARDAÍOCHTA LEIS AN ÚDAR SADHBH DEVLIN**

Dé Sathairn 11 Samhain | 2.30–4.00pm | Lexicon Library, Dún Laoghaire
**YOGA WORKSHOP: CEARDLANN IÓGA LE BEN Ó DÁLAIGH Ó ÓGA YOGA**

Dé Sathairn 9 Nollaig | 2.30–4.00pm | Lexicon Library, Dún Laoghaire
**SEISIÚN SCÉALAÍOCHTA AGUS AMHRÁN
LE DIARMUID DE FAOITE AGUS NUALA NÍ CHANAINN**

---


## BUÍOCHAS Ó CHROÍ LE/HEARTFELT THANKS TO:

Cathal Póirtéir; Gabriel Rosenstock; Aedín Ní Bhroin & Máire Uí Fhaogháin, Foras na Gaeilge; Sarah Bannan, An Chomhairle Ealaíon/Arts Council; Daithí Ó Maolchoille; Ray Yeates, Martin Colthorpe & Aimée Van Wylick, International Literature Festival, Dublin; Ruth Hegarty, Royal Irish Academy; Hugh Murray, Pavilion Theatre; Daithí Mac Uait, Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain; Bairbre Ní Chonchúir, Scoil na Gaeilge, UCD; Sinéad Mac Aodha & Nora Hickey M'Sichili, Centre Culturel Irlandais; Maureen Kennelly, Jane O'Hanlon & team, Éigse Éireann/Poetry Ireland; David Horan, artistic director, Bewley's; Clare Bell & Brenda Dermody, Dublin Institute of Technology; Caitlín Nic Íomhair, An Siopa Leabhar; Eibhlín Uí Mhorónaigh, Éigse Dúchas; Fr Brian Gogan & Johnny Gogan; The Brad Pitt Light Orchestra; Carol De Buitléir, RTÉ Supporting the Arts; Micheál Ó Conghaile, Bridget Breathanch & Julianne Ní Chonchobhair, Cló Iar-Chonnacht; Grainne Ní Mhuilneoir & Jenifer Ní Ghrádaigh, Cois Life; Colm Maher; Pat Boran ;Siobhán Ní Gaoithín; Margaret Lonergan; Jim Berkeley; Niamh Lawlor & Eithne Carson


---

## CREDITS

Thanks to Laura Bland for Springsteen photo, CC BY-SA 3.0.

**DÉARDAOIN 5 – SATHARN 7 DEIREADH FÓMHAIR**

**Thursday 5 – Saturday 7 October | 8.00pm**

**SCOIL BHRÍDE,**
**Bóthar Fhiodh Cuilinn, Raghnallach**
Cead isteach €10
Booking: www.luise.eventbrite.com



# LUÍSE

## A DRAMA BY CELIA DE FRÉINE

Léireofar *Luíse*, dráma nua i nGaeilge, bunaithe ar shaol Luíse Ghabhánach Ní Dhufaigh, i Scoil Bhríde, Raghnallach ón Déardaoin 5 Meán Fómhair go dtí an Satharn 10 Deireadh Fómhair ag 8pm.

Sa dráma seo cuirtear aithne ar an mbean iomráiteach seo a bhunaigh Scoil Bhríde in 1917, an chéad Ghaelscoil sa tír ó laethanta na scoileanna cois claí i leith. Rugadh Luíse sa bhFrainc in 1884 agus chuir sí fúithi in Éirinn nuair a bhí sí fiche trí bliana d'aois. Chaith sí seal ag obair i Scoil Íde, an scoil do chailíní a bhunaigh an Piarsach, agus chaith sí Seachtain na Cásca i gcistineach Ard-Oifig an Phoist.

Cuirfidh an léiriú seo tús le comóradh an chéid sa scoil.

Written by leading poet and playwright **Celia de Fréine**, and directed by **Gerald Dalton**, *Luíse* features **Hilary Bowen-Walsh** in the role of Luíse Ghabhánach Ní Dhufaigh, who founded Scoil Bhríde in 1917, the first Gaelscoil in Ireland. The play features music by **Tríona Ní Dhomhnaill**; images by **Lelia Ní Chinnéide**; lighting by **Mike Donohue**; and the voices of **Jack Harte**, **Brendan Phelan** and **Mike Timms**.

Of the play, critic Catherine Dunne said: 'With tight direction and clever use of props, Hilary Bowen-Walsh brings Celia de Fréine's beautifully-written script to life. *Lúise* is a compelling piece of theatre, illuminating the tenacity and vision of the formidable Louise Gavan Duffy ... The play moves seamlessly between three languages – Irish, English and French – and the vivid, luminous performance by Bowen-Walsh ensures that the narrative is immediately accessible to non-native and native speakers alike. A captivating piece.'

*Umbrella Theatre Company in association with Ranelagh Arts Festival and IMRAM.*

## DÉ CÉADAOIN 11 DEIREADH FÓMHAIR

**Wednesday 11 October | 8.00pm**

**PAVILION THEATRE,**
**Dún Laoghaire**
Cead isteach/admission: €20/18
Booking (01) 231 2929
or www.paviliontheatre.ie
(free booking online)









Tá cáil i bhfad agus i ngearr ar Bruce Springsteen. Tá clú ar a bheoléirithe paiseanta agus is cumadóir amhrán thar na bearta é. Baineann sé leas as ceol rithim agus gormacha, snagcheol, luath-racanról, ceol tíre agus soul. Cruthaíonn a chuid liricí rómánsacha fileata íomhánna dúinn de shaol na cosmhuintire, tírdhreacha uirbeacha New Jersey agus réigiúin láir Mheiriceá.

Tabharfaidh *Tír Tairngire* ar aistear sinn, ar imram, go dtí 'tír tairngire' an amhránaí chun na físeanna aige a bhlaiseadh ó albaim ar nós *Darkness on the Edge of Town*, *Nebraska* agus *The Ghost of Tom Joad*. Is iad na hoirfidigh atá i mbun an aistir seo ná **Liam Ó Maonlaí**, guth agus pianó; **Steve Cooney** ar ghiotár, **Nick Roth** ar shacs; **Robbie Perry** i mbun cnaguirlisí agus **Trevor Hutchinson** ar dhord. **Gabriel Rosenstock** a thraschruthaigh na liricí. **Margaret Lonergan** a theilgfidh a cuid íomhánna agus na focail ar scáileán.




Bruce Springsteen is legendary. Famed for his passionate live performances, he is a songwriter *par excellence*. His work taps into rhythm and blues, jazz, early rock 'n' roll, folk and soul. His romantic, poetic lyrics evoke the lives of working people, the urban landscapes of New Jersey, and the heartlands of contemporary America.

*The Promised Land* takes us on a voyage to the 'promised land' of Springsteen's vision, drawing on albums such as *Darkness on the Edge of Town*, *Nebraska* and *The Ghost of Tom Joad*. The line-up features **Liam Ó Maonlaí** on vocals and piano; **Steve Cooney** on guitar; **Nick Roth** on saxophone; **Robbie Perry** on percussion and **Trevor Hutchinson** on bass. The lyrics have been translated into Irish by **Gabriel Rosenstock**. Screen projections by **Margaret Lonergan**.

arts council / an chomhairle ealaíon — funding literature — artscouncil.ie
Foras na Gaeilge
Dublin City / Baile Átha Cliath
IMRAM — FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE — IRISH LANGUAGE LITERATURE FESTIVAL — A VOYAGE OF DISCOVERY
PAVILION THEATRE

# IMEACHTAÍ DO PHÁISTÍ



**EVENTS FOR CHILDREN THROUGH IRISH IN LEXICON LIBRARY, DÚN LAOGHAIRE**

Every second Saturday of the month from 2.30–4.00pm in the Children's Library, Level 4, Lexicon Library

ALL EVENTS FREE
Advance booking: noirin@glornangael.ie



**DÉ SATHAIRN 14 DEIREADH FÓMHAIR**

**Saturday 14 October | 2.30–4.00pm**

## CEARDLANN SCÉALAÍOCHTA AGUS CEARDAÍOCHTA

**STORYTELLING AND CRAFT WORKSOP WITH WRITER SADBH DEVLIN**




D'fhoilsigh Futa Fata an pictiúrleabhar *Bí ag Spraoi Liom!* le **Sadhbh Devlin** (údar) agus **Tarsila Kruse** (maisitheoir). Is scéal é faoin gcumadóir óg Lúna, ach tá fadhb mhór amháin aici – níl am ag Mamaí le bheith ag spraoi léi ina meaisín ama nua! Tá Lúna cliste agus cruthaitheach agus ceapann sí plean iontach le Mamaí a mhealladh le spraoi léi. Ach, n'fheadar an oibreoidh sé?! Ag an gceardlann seo, tar agus 'bí ag spraoi' le Sadhbh, a léifidh óna scéal nua do pháistí óga agus a dhéanfaidh ceardaíocht bunaithe ar théamaí an scéil ina dhiaidh sin. Dírithe ar pháistí óna 3–7 mbliana d'aois.



**Sadbh Devlin**'s picture book *Bí ag Spraoi Liom!* is the tale of Lúna, a wonderful inventor who's just bursting with fun ideas. But her mum is very, very busy and hasn't time to play with her in her new time machine .What can Lúna invent to put that right? In this workshop, Sadbh will read from the book, and children will be encouraged to create craftwork inspired by the themes of the story. Suitable for age group 3–7 years old.

## DÉ SATHAIRN 11 SAMHAIN

**Saturday 11 November | 2.30–4.00pm**

# CEARDLANN IÓGA

### YOGA WORKSHOP WITH BEN Ó DÁLAIGH OF ÓGA YOGA

Tá sé mar sprioc ag ceardlanna Óga Yoga páistí a spreagadh agus a chumasú chun iad féin a chur in iúl trí ghluaiseachtaí spraíúla. Dírithe ar pháistí óna 5–10 mbliana d'aois agus caith éadach compordach.



Óga Yoga aims to develop young children's physical awareness and ability through creative and collaborative fun movement. For age group 5–10 years; children should wear comfortable clothes.

## DÉ SATHAIRN 9 NOLLAIG

**Saturday 9 December | 2.30–4.00pm**

# SEISIÚN SCÉALAÍOCHTA AGUS AMHRÁN



### STORYTELLING AND SONG SESSION WITH DIARMUID DE FAOITE & NUALA NÍ CHANAINN

'M'asal beag dubh' agus scéalta eile curtha i láthair ag an sár-scéalaí agus aisteoir iomráiteach **Diarmuid de Faoite** i dteannta an veidhleadóir agus amhránaí, **Nuala Ní Chanainn**. Cuirfidh siad beirt scéalta ó pheann Phádraic Uí Chonaire os ár gcomhair i stíl dhrámatúil cheolmhar! Is cinnte go mbainfear sult as an seisiún scéalaíochta meidhreach seo! Dírithe ar pháistí ó 5 bliana d'aois ar aghaidh.

Beidh Taispeántas Leabhar agus Acmhainní Gaeilge, Leabharlann an Lexicon ar siúl le linn na himeachtaí.

**Diarmuid de Faoite** reads 'M'asal beag dubh' and other stories by Pádraic Ó Conaire, with songs and music from **Nuala Ní Chanainn**. Suitable for children over 5 years old.

*Arna eagrú ag Grúpa Spraoi Tuismitheoirí agus Leanaí Ghlór na nGael, Deisceart Átha Cliath le tacaíocht ó Chlár na Leabhar Gaeilge – Foras na Gaeilge, Glór na nGael agus Féile IMRAM.*

Foras na Gaeilge

Teaghlaigh Glór

IMRAM
FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE
A VOYAGE OF DISCOVERY


**DÉ LUAIN 16 DEIREADH FÓMHAIR**

**Monday 16 October | 6.00pm**

**DIT, GRANGEGORMAN**
Saorchead isteach/free admission

# CLÓ DRAÍOCHTA 7: TAISPEÁNTAS CLÓGHRAFAÍOCHTA

**EXHIBITION LAUNCH AND READING**







I gcomhar le IMRAM, tá léachtóirí Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, **Clare Bell** agus **Brenda Dermody**, tar éis taispeántas speisialta eile a chur le chéile de théacsanna nualitríochta agus na dánta sin claochlaithe go healaíonta ag na mic léinn. Bainfear úsáid as cló-aghaidheanna traidisiúnta chomh maith le hathshaothrú ar chlónna Gaelacha.

In collaboration with IMRAM, Dublin Institute of Technology lecturers Clare Bell and **Brenda Dermody** have curated a second special exhibition of Irish language literature texts imaginatively rendered by DIT design students. Poetry selected for the exhibition includes work by **Rody Gorman**, **Gearóid Mac Lochlainn**, **Caitríona Ní Chléirchín** and **Gabriel Rosenstock**. This year the students will be designing special poem postcards which will be distributed in libraries, bookshops and IMRAM festival events.







**DÉ LUAIN 16 DEIREADH FÓMHAIR**

**Monday 16 October | 8.00pm**


**POWERSCOURT THEATRE**
**Top floor, Powerscourt Townhouse**
**South William St, Dublin 2**
Cead isteach/admission: €10
Booking: www.eventbrite.ie

# LEABHARLANN NA bhFUAIMEANNA CAILLTE NÓ IAD AG DUL I LÉIG

## THE LIBRARY OF LOST AND VANISHING SOUNDS

Cleatar sean-chlóscríobháin láimhe;cnagarnach statach agus teilifíseán á dhúiseacht; bús gutháin á dhiailiú; daoine ag feadaíl; barr buidéil alúmanaim ag cnagaireacht; crónán ón bhflóta bainne – níl ansin ach cuid de na fuaimeanna atá ag dul i léig. Sa tionscadal léifidh ceathrar filí – **Marcus Mac Conghail**, **Doireann Ní Ghríofa**, **Proinsias Mac a' Bhaird** agus **Máire Dinny Wren** dánta nua mar gheall ar fhuaimeanna nach gcloistear níos mó agus cloisfear fuaimrian ón gceoltóir agus dealbhóir fuaime **Fergus Kelly**.

The clatter of an old manual typewriter; the crackle of static as a television comes on; the whirr of a phone dial; people whistling; the crinkle of an aluminium bottle top; the hum of an electric milk float – these are just some of the sounds that are becoming part of the past. Tonight four poets – **Marcus Mac Conghail**, **Doireann Ní Ghríofa**, **Proinsias Mac a' Bhaird** and **Máire Dinny Wren** – will read new poems on the theme of lost sounds, to a sound-track created by musician and sound sculptor **Fergus Kelly**.






**DÉ MÁIRT 17 DEIREADH FÓMHAIR**

**Tuesday 17 October | 8.00pm**

**ÉIGSE ÉIREANN/POETRY IRELAND**
**11 Parnell Square East, Dublin 1**
Cead isteach/admission: €10
Booking: www.eventbrite.ie

# CEO DRAÍOCHTA

## TIONSCADAL LIAM S GÓGAN

**FANTASTICAL FOG: THE LIAM S GÓGAN PROJECT**



‘With his well-bred voice and fine looks, his monocle and his bow tie, he did not seem somehow a typical supporter of the language movement. But his loyalty to the language was the passion of his life’ – is mar sin a scríobh an *Irish Times* faoi Liam S. Gógan (1891–1979). Réabhlóidí, foclóirí, focleolaí agus gníomhaí teanga, ba dhuine d’fhilí tábhachtacha na Gaeilge san fhichiú haois é agus dánta leis ar nós *Na Coisithe* agus *Stáit* ar eolas ag aos scoile na tíre le fada.

Léiriú ilmheánach a bheidh in *Ceo Draíochta* a dhéanfaidh ceiliúradh ar shaol agus ar shaothar an Ghóganaigh: filíocht, ceol agus íomhánna ar scáileán.







‘With his well-bred voice and fine looks, his monocle and his bow tie, he did not seem somehow a typical supporter of the language movement. But his loyalty to the language was the passion of his life’ – so wrote the *Irish Times* on the death of Liam S Gógan (1891–1979). A revolutionary, lexicographer, philologist and language activist, he was also one of the most important Irish language poets of the 20th century, and his poems ‘Na Coisithe’ and ‘Liobharn stáit’ are well-known to generations of Irish schoolchildren.

*Fantastical Fog* will be a multimedia performance celebrating the life and work of Liam S Gógan, fusing poetry, music and on-screen archive photos and work. Readers will include **Colm Breathnach**, who has a deep interest in the life and work of Gógan and **Sinéad Ní Uallacháin**. They will read to live music composed and performed by **Colm Ó Snodaigh**, and screen projections by **Margaret Lonergan**.

*In association with Éigse Éireann / Poetry Ireland.*

Poetry Ireland
Éigse Éireann



**DÉ CÉADAOIN 18 DEIREADH FÓMHAIR**

**Wednesday 18 October | 8.00pm**

**POWERSCOURT THEATRE**
**Top floor, Powerscourt Townhouse**
**South William St, Dublin 2**
Cead isteach/admission: €10
Booking: www.eventbrite.ie

# SCÁTHANNA Ó PHRÁG



## TIONSCADAL FRANZ KAFKA

### SHADOWS FROM PRAGUE: THE FRANZ KAFKA PROJECT

Mórfhórsa i litríocht an domhain é saothar Franz Kafka ina bhfuil gnéithe den réalachas snaidhmthe le gnéithe fantaiseacha – is minic daoine aonair uaigneacha ann agus iad basctha brúite ag cumhachtaí an mhaorlathais nach dtuigeann siad. Faightear staideanna agus téamaí Kafkaúla i saothar an ghearrscéalaí **Daithí Ó Muirí** agus tá saothar le Kafka aistrithe ón mbun-Ghearmáinis ag an Muiríoch. Is é a bheidh in *Scáthanna ó Phrág* ná an Muiríoch ag léamh, tionlacan ceoil le **Seán Mac Erlaine**, íomhánna ar scáileán agus scath-phuipéid le **Púca Puppets**.

A major force in world literature, Franz Kafka's disturbing work fused elements of realism and the fantastic – often featuring lone individuals crushed by incomprehensible bureaucratic powers. Short story writer **Daithí Ó Muirí**, whose own work explores Kafkaesque situations and themes has translated Kafka into Irish, working from original German texts. *Shadows from Prague* will feature Daithí reading these versions to musical accompaniment from **Seán Mac Erlaine** (saxophone, clarinet, sound effects), and on-screen imagery and shadow puppets created by **Niamh Lawlor** of **Púca Puppets**.






PÚCA PUPPETS

## DÉARDAOIN 19 DEIREADH FÓMHAIR

**Thursday 19 October | 7.00pm**

**UCD BELFIELD**
**Léachtlann R, Áras na nEalaíon (Newman Building)**
Saorchead isteach/free admission



'Athnuachan agus Athghabháil shaothar liteartha Uí Chadhain'

## LÉACHT UÍ CHADHAIN LEIS AN OLLAMH MÁIRÍN NIC EOIN

Déanfaidh an léacht seo athbhreithniú ar shaothar liteartha Uí Chadhain i bhfianaise an chorpais chritice atá ginte ag an saothar go dtí seo. Ceisteofar tábhacht an tréimhsithe atá déanta ag criticeoirí áirithe ar an saothar, agus áiteofar go gceileann an aird chriticiúil atá faighte ag scéalta ar leith – agus an canónú atá déanta orthu dá barr – bunleanúnachas téamúil a sháraíonn na difríochtaí foirme agus stíle idir an saothar luath agus na scéalta deireanacha. Pléifear a ghafa is a bhí samhlaíocht Uí Chadhain ón tús le ceist chumas gníomhaithe an duine, ábhar is féidir a cheangal lena sheasamh polaitiúil agus lena chúinsí pearsanta saoil. Díreoidh an léacht ar théama agus ar íomhá thimthriall na beatha ina shaothar liteartha agus ar choincheap na hathnuachana mar mhodh slánaithe ó shrianta fisiciúla, sóisialta agus síceolaíocha. Áiteofar ar deireadh gur léiriú ar mhianach athnuachana an tsaothair féin na hathléamha agus na díospóireachtaí critice atá á nginiúint aige i gcónaí.



This year's Ó Cadhain lecture will be given by **Professor Máirín Nic Eoin**, who will explore the links between Máirtín Ó Cadhain's imagination and concepts of personal renewal and reinvention as escapes from physical, social and psychological restraint.

DÉ hAOINE 20 DEIREADH FÓMHAIR

**Friday 20 October | 6.00pm**

**ÉIGSE ÉIREANN/POETRY IRELAND**
**11 Parnell Square East, Dublin 1**
Cead isteach/admission: €10
Booking: www.eventbrite.ie




# OILITHREACH PINN

## A LITERARY PILGRIMAGE

Shiúil **Liam Ó Muirthile** an Camino Francés as a chéile ó Saint-Jean-Pied-de-Port go Santiago de Compostela i bhFómhar na bliana 2015. Leis féin a bhí sé agus a phaca ar a dhroim, ag fanacht sna tithe aíochta oilithreachta ar a thuras 770 km. Ina leabhar nua, *Oilithreach Pinn*, breacann sé an tírdhreach dúinn agus tráchtann sé ar na daoine a casadh air. Oilithreach pinn agus fionnachtain phearsanta í seo ina roinneann sé linn a chuid smaointe féin ar an dtír a bhfuil dlúthcheangal sinseartha ag Éirinn léi. Chomh maith leis sin, rinne sé aistriúchán ar roinnt dánta le Rosalía de Castro. Caitheann grianghraif **Moira Sweeney** loinnir ealaíonta ar chonair na n-oilithreach.

Poet **Liam Ó Muirthile** undertook the famous Camino de Santiago in 2015. Alone with his backpack, he walked the full 770 kilometres from Saint-Jean-Pied-de-Port to Santiago de Compostela, staying in pilgrimage hostels. *Oilithreach Pinn* (published by Cois Life) is a beautifully written account of the landscapes and the people he encounters on the camino, and also features his translations of Galician poet Rosalía de Castro.

Tonight Liam will read extracts from this book, which will be illustrated with on-screen projections of exquisite photographs by **Moira Sweeney**. Poems by Rosalía de Castro will be read in Galician by **Carmen Alonso** Rodriguez and in Irish by Liam.




BIDDY JENKINSON
MIS



## DÉ hAOINE 20 DEIREADH FÓMHAIR

**Friday 20 October | 8.00pm**

**ÉIGSE ÉIREANN/POETRY IRELAND**
**Parnell Square, Dublin 1**
Cead isteach/admission: €10
Booking: www.eventbrite.ie

Athinsint ar rómáns meánaoiseach é *Mis* de chuid **Biddy Jenkinson**, *tour-de-force* amach is amach. Téann Mis, iníon le Dáire Déadgheal, le gealaigh nuair a thagann sí ar chorp a hathar ar pháirc an áir i ndiaidh Chath Fionntrá. Caitheann sí trí chéad bliain ar Shlibh Mis i gCiarraí agus i beo ar shlad is ar chanablacht, dochar mór á dhéanamh aici don dúiche. Dála Shuibhne Geilt, gabhann sí cruth éin chuici féin, an crotach, an spideog, an charóg liath, an colm bán.

Gealtachas, foréigean, gnéas agus greann, saothar mealltach mistéireach. Cruthóidh **Enda Reilly**, cumadóir agus giotáraí, cúlra ceoil don údar le haghaidh an léimh bheo seo agus cruthóidh **Margaret Lonergan** íomhánna scanrúla ar scáileán.

*Mis* by **Biddy Jenkinson** is a *tour-de-force* retelling of an Irish medieval romance. Mis, the daughter of Dáire Déadgheal, goes mad when she finds her father's body on the battlefield after Cath Fionntrá (The Battle of Ventry). She then spends three hundred years, to the great harm of the land, surviving on plunder and cannibalism on Sliabh Mis in Kerry. Like Mad Sweeney, she takes the form of birds – curlews, robins, scald crows, and white doves.

Writing in *The Stinging Fly*, critic Caitlín Nic Íomhair described *Mis* as 'full blooded, compelling and even strangely alluring' in its exploration of the 'big four: madness, violence, sex and humour'. Tonight, Biddy will read *Mis* to a live musical backdrop created by composer and guitarist **Enda Reilly** and screen projections by **Margaret Lonergan**.

*In association with*
*Éigse Éireann / Poetry Ireland.*

Poetry Ireland
Éigse Éireann

**DÉ SATHAIRN 21 DEIREADH FÓMHAIR**

**Saturday 21 October**

**IRISH WRITERS CENTRE/ÁRAS NA SCRÍBHNEOIRÍ,**
**19 Parnell Square**
Saorchead isteach/free admission

## CEARDLANN NÁISIÚNTA:

# AN GEARRSCÉAL, AN tÚRSCÉAL & AN SPLANCSCÉAL

## CLÓ IAR-CHONNACHT

**STIÚRTHÓIRÍ NA CEARDLAINNE:**
**MICHEÁL Ó CONGHAILE AGUS MICHEÁL Ó RUAIRC**

Beidh an cheardlann seo dírithe den chuid is mó ar scríbhneoirí óga/nua nach bhfuil aon leabhar foilsithe fós acu ach a léiríonn cumas scríbhneoireachta sa ghearrscéal, san úrscéal nó sa splancfhicsean. Tabharfar áit ar an gceardlann freisin áfach do dhornán scríbhneoirí aitheanta, rud a rachaidh chun leasa na scríbhneoirí óga agus na scríbhneoirí aitheanta araon. Tugtar cuireadh do scríbhneoirí ar mhaith leo a bheith páirteach sa cheardlann gearrscéal, sliocht as úrscéal (5–8 lch) nó cupla splancscéal dá gcuid a sheoladh chuig Stiúrthóir CIC, Micheál Ó Conghaile ag moccic@eircom.net ROIMH an 3 Deireadh Fómhair 2017.

Roghnófar na saothair is feiliúnaí agus déanfar iad a phlé agus a mheas ag an gceardlann. Seolfar saothar gach scríbhneora chuig gach iarrthóir (a bheidh ag freastal ar an gceardlann) roimh ré ionas go mbeidh deis acu iad a léamh. Tríd an modh oibre seo beidh na hiarrthóirí ar fad in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheardlann, agus foghlaim ó laigí agus ó bhuanna shaothar a chéile. Beidh áit d'ochtar ar a mhéid ar an gceardlann. Níl aon táille i gceist don cheardlann seo ach beidh iarrthóirí freagrach as a gcuid costas taistil féin agus lóistín sa chás go mbeadh a leithéid i gceist.

**Tuilleadh eolais:**
Micheál Ó Conghaile nó Bridget Bhreathanch, Cló Iar-Chonnacht
Fón: (091) 593307 | Ríomhphost: moccic@eircom.net | www.cic.ie

*Tá an cheardlann seo á heagrú le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon*

*(Á heagrú i gcomhar le IMRAM agus Áras na Scríbhneoirí)*

Irish Writers Centre
Áras Scríbhneoirí na hÉireann



**DÉ SATHAIRN 21 DEIREADH FÓMHAIR**

**Saturday 21 October | 8.00pm**

**McGRATTAN'S**
**76 Fitzwilliam Lane, Baggot Street**
Cead isteach/admission €10
Booking: www.eventbrite.ie

## OÍCHE ÓMÓIS DO

# ÉILÍS NÍ DHUIBHNE

Úrscéalaí, gearrscéalaí agus drámadóir aitheanta sa Bhéarla agus sa Ghaeilge is ea **Éilís Ní Dhuibhne**. D'fhoilsigh Cois Life dhá dráma léi *Milseog an tSamhraidh* agus *Dún na mBan Trí Thine* i 1997. Tá gradaim iomadúla buaite aici, ina measc The Stewart Parker Award agus The Bisto Book of the Year Award. Bhuaigh sí príomhdhuais an Oireachtais 2000 ar *Dúnmharú sa Daingean*, agus dhuais an Oireachtais 2006 ar *Hurlamaboc*. Is iad *The Bray House*, *The Inland Ice* agus *The Dancers Dancing* na príomhshaothair aici i mBéarla. Tá aistriúcháin dá cuid saothair ar fáil i nGearmáinis, Fraincis, Ollainnis, Danmhairgis, Rúisis, Slóivéinis agus teangacha eile nach iad.

A novelist, short-story writer and playwright, **Éilís Ní Dhuibhne** is an acclaimed and much-loved author in both English and Irish. Her novel *The Dancers Dancing* was shortlisted for The Orange Prize for Fiction. Her many novels in Irish include *Dún an Airgid*, *Hurlamaboc*, *Dordán*, *Cailíní Beaga Ghleann na mBláth* and *Aisling Nó Iníon A*.

Tonight IMRAM is delighted to celebrate her life and work in the company of poets, novelists, critics, singers and musicians – including **Nuala Ní Dhomhnaill**, **Lilis Ó Laoire**, **Éilis Ní Anluain**, **Áine Moynihan**, **Fergal Mac Amhlaoibh**, **Anne McCabe**, **Peter Browne**, **Maighréad** and **Tríona Ni Dhomhnaill**. Fear an Tí is **Cathal Póirtéir**.

# A VOYAGE OF DISCOVERY

# IMRAM

Aidhm IMRAM saibhreas na litríochta Gaeilge comhaimseartha a roinnt le cách agus an pobal a thabhairt linn ar aistear mistéireach. Prós. Filíocht. Ceol. An focal labhartha. An focal scríofa. Idir shúgradh is dáiríre. Suímh éagsúla ar fud na hardchathrach. Bímis ag léamh, bímis ag iomramh!

IMRAM aims to bring its audiences on a 'voyage of discovery' that reveals the rich diversity of modern Irish language literature through a programme of eclectic events that blend poetry, prose, film, drama and music in lively, upbeat venues.

Beidh leabhair ar díol ag formhór na n-ócaidí. Ceannaigh leabhar nó dhó! The festival bookseller – An Siopa Leabhar – will be at most IMRAM events.

**TUILLEADH EOLAIS/FURTHER INFORMATION:**
Liam Carson r-phost/e-mail info@imram.ie
Fón/phone (087) 291 2797

**WWW.IMRAM.IE |**

**STIÚRTHÓIR NA FÉILE/DIRECTOR**
Liam Carson

**BORD IMRAM/FESTIVAL BOARD**
Liam Mac Mathúna, Fionnuala Ní Dhúgáin, Siún Ní Dhuinn, Bríd Ní Ghruagáin, Osgur Ó Ciardha, Éamon Ó Ciosáin, Cearbhall Ó Siocháin (cathaoirleach), Tristan Rosenstock, Alan Titley

**FIOSRÚCHÁIN PHOIBLÍOCHTA/PUBLICITY QUERIES**
English language media: Please contact Kate Bowe
Phone: (01) 652 0143 or (086) 267 5018 | Email: kate@katebowepr.ie
Na meáin Ghaeilge: Déan teagmháil le do thoil le Robert McMillen
Fón: +44 28 9040 8365 nó +44 74 6366 4435 | R-phost: robert@robertmcmillen.ie

the arts council / an chomhairle ealaíon — funding literature — artscouncil.ie
Baile Átha Cliath UNESCO Cathair Litríochta
Poetry Ireland Éigse Éireann
UCD Dublin
Foras na Gaeilge
Dublin City Baile Átha Cliath
DIT
RTÉ Supporting the Arts

Dearadh: Oldtown